Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6986/26**

**ENV 192**
**MI 208**
**ENT 41**
**IND 162**
**CONSOM 65**
**COMPET 274**
**DELACT 43**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 511 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an 25.2.2026 maidir le forlíonadh Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí dhíolúine a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha áirithe a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus as strapaí ó na ceanglais athúsáide 100 % i ndáil leis na formáidí pacáistíochta sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 511 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 511 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.2.2026
C(2026) 511 final

# CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN

**an 25.2.2026**

**maidir le forlíonadh Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí dhíolúine a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha áirithe a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus as strapaí ó na ceanglais athúsáide 100 % i ndáil leis na formáidí pacáistíochta sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht[1], lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE; leis an Rialachán sin, leagtar síos spriocanna athúsáide maidir le formáidí sonracha pacáistíochta, i bhfeidhm ó 2030 ar aghaidh.

Ceanglaítear leis an Rialachán sin, ón 1 Eanáir 2030, na hoibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht iompair nó pacáistíocht díolacháin a úsáidtear chun táirgí a iompar, lena n-áirítear le haghaidh táirgí a dháiltear trí ríomhthráchtáil, laistigh de chríoch an Aontais, sna foirmeacha seo a leanas: pailléid, boscaí infhillte plaisteacha, boscaí, tráidirí, cliathbhoscaí plaisteacha, bulc-choimeádáin idirmheánacha, buicéid, drumaí agus ceanastair d'aon mhéid nó ábhar, lena n-áirítear formáidí solúbtha nó fillteáin pailléad nó strapaí chun táirgí a chuirtear ar phailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint; go n-áiritheoidh siad gur pacáistíocht in-athúsáidte é 40 % ar a laghad den phacáistíocht sin san iomlán laistigh de chóras athúsáide.

Thairis sin, ceanglaítear leis an Rialachán, na hoibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht iompair nó pacáistíocht díolacháin a úsáidtear chun táirgí sna formáidí thuasluaite a iompar, laistigh de chríoch an Aontais, idir láithreáin éagsúla ar a ndéanann an t-oibreoir a ghníomhaíocht, nó idir aon cheann de na láithreáin ar a ndéanann an t-oibreoir a ghníomhaíocht agus suíomhanna aon fhiontair nasctha nó aon fhiontair chomhpháirtíochta eile, nó chun táirgí a sheachadadh ar oibreoir eacnamaíoch eile laistigh den Bhallstát céanna; áiritheoidh siad go mbeidh an phacáistíocht sin in-athúsáidte *i gcónaí* laistigh de chóras athúsáide.

Cumhachtaítear an Coimisiún, ag cur na sonraí agus na bhforbairtí eolaíocha agus eacnamaíocha is déanaí san áireamh, díolúintí a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíocha sa bhreis ar na cinn dá bhforáiltear san Airteagal sin, mar thoradh ar shrianta eacnamaíocha ar leith in earnáil áirithe a bhaineann le comhlíonadh na spriocanna a leagtar síos i míreanna 1, 2, 3, 5 agus 6 den Airteagal sin.

Tá feidhm ag an gCinneadh Tarmligthe sin maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus as strapaí ina n-oibríochtaí iompair. De réir Eurostat[2], d'fhéadfadh Airteagail 29(2) agus (3) difear a dhéanamh do 600 000 gnó a fheidhmíonn mar sholáthróirí lóistíochta san Aontas. Ríomhtar go mbeadh costais de thart ar EUR 610 000 000 ar na gnóthaí sin; baineann na costais sin le hoiriúnú na línte pacáistíochta (i.e, línte pacáistíochta dúbailte a choinneáil ar bun go minic); ceannachán meaisíní uathoibríocha chun na pailléid a chlúdach, fearas TF agus oiliúint foirne, mar shampla. Mar sin féin, ós rud é go mbaintear úsáid fhorleathan as fillteáin pailléad agus strapaí ar fud na hearnála déantúsaíochta, d'fhéadfadh méadú suntasach teacht ar líon na ngnóthaí san Aontas a mbeadh éifeacht orthu - agus ar na costais orthu siúd. Iniúchtaí a dhéanamh ar na gnóthaí chun comhlíontacht a sheiceáil leis na hoibleagáidí athúsáide a leagtar amach in Airteagal 29(2) agus (3), is gnách gurb é sin an bhrí a bhaineann le costais ar údaráis inniúla.

---

1 IO L, 2025/40, 22.01.2025

2 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/sbs_ovw_act__custom_17432478/default/table?lang=ga

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara san earnáil phacáistíochta in 2025 mar chuid de staidéar tiomnaithe, a fhoilseoidh seirbhísí an Choimisiúin.

Phléigh an Coimisiún an Cinneadh Tarmligthe seo leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara i ngrúpa saineolaithe maidir le dramhaíl an 15 Deireadh Fómhair 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 29(18) pointe (a) de Rialachán (AE) 2025/40 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, cumhachtaítear an Coimisiún, ag cur na sonraí agus na bhforbairtí eolaíocha agus eacnamaíocha is déanaí san áireamh, díolúintí a leagan síos d’oibreoirí eacnamaíocha de bharr éigeantais eacnamaíocha ar leith a bheadh ann in earnáil sonrach a bhainfeadh le comhlíontacht le spriocanna a leagtar síos i míreanna 1, 2, 3, 5 agus 6 den Airteagal sin.

Le hAirteagal 1 den Chinneadh leagtar amach an díolúine ó na spriocanna athúsáide in Airteagal 29(2) agus (3) maidir le fillteáin pailléad agus strapaí. Le hAirteagal 2 leagtar amach dáta cur chun feidhme an Chinnidh.

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.2.2026**

**maidir le forlíonadh Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí dhíolúine a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha áirithe a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus as strapaí ó na ceanglais athúsáide 100 % i ndáil leis na formáidí pacáistíochta sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE[3] agus go háirithe Airteagal 29(18) pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is formáidí pacáistíochta iompair iad fillteáin pailléad a chumhdaítear sna spriocanna athúsáide a leagtar síos in Airteagail 29(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40. Leagtar síos le hAirteagal 29(1) den Rialachán sin sprioc athúsáide ginearálta de 40 % le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as formáidí pacáistíochta iompair áirithe le linn bliana féilire, agus dá bharr sin go bhféadfadh oibreoirí cúiteamh a dhéanamh ar fhormáid a bhfuil ráta íseal athúsáide aici le formáid a bhfuil ráta ard athúsáide aici.

(2) Le hAirteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40 forchuirtear sprioc athúsáide 100 % ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as na formáidí pacáistíochta iompair sin le haghaidh iompair laistigh den chuideachta céanna nó cuideachtaí nasctha nó cuideachtaí compháirtíochta san Aontas, agus le haghaidh iompair idir cuideachtaí laistigh den Bhallstát céanna. Tugtar le fios ó na díolúintí ar fhillteáin pailléad agus ar strapaí i raon feidhme Airteagal 29(2) agus (3) nach bhfuil feidhm ag na cuótaí athúsáide in Airteagal 29(1) ar na cineálacha úsáide sin.

(3) Cé go bhfuil fillteáin pailléad agus strapaí in-athúsáidte ar fáil ar bhonn tráchtála agus in úsáid chun earraí áirithe a iompar, tá fianaise láidir ann maidir leis an úsáid eisiach d'fhillteáin pailléad agus de strapaí in-athúsáidte chun earraí curtha ar phailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint, sna cásanna uile a chumhdaítear le hAirteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40; gur féidir le costais oiriúnaithe díréireacha a bheith ar na hoibreoirí lena mbaineann sí mar thoradh uirthi sin.

[3] Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE (IO L, 2025/40, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/40/
oj)

(4) Léiríonn an fhianaise go mbíonn ardinfheistíochtaí tosaigh ag baint leis an aistriú go fillteáin pailléad 100 % in-athúsáidte chun línte pacáistíochta a athdhearadh. Bheadh infheistíochtaí i réitigh uathoibrithe nach bhfuil forbairt leordhóthanach tagtha orthu go fóill ag teastáil le haghaidh an aistrithe go fillteáin pailléad agus strapaí in-athúsáidte. D’fhéadfadh aistriú den sórt sin cur isteach ar shlabhraí soláthair agus a bheith ina chúis costas ar oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe iad siúd a bhaineann úsáid as pacáistíocht iompair.

(5) Dá bhrí sin, oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus strapaí chun táirgí a chuirtear ar phailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint; is gá díolúine a thabhairt dóibh sin ó na spriocanna athúsáide a leagtar síos le hAirteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Díolúine a bhaineann le fillteáin pailléad agus le strapaí*

Oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad nó strapaí chun earraí curtha ar na pailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint; díolmhaítear iad ó na ceanglais athúsáide 100 % i ndáil leis na formáidí pacáistíochta sin a leagtar síos in Airteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*